



Ábhar tacaíochta tuisceana agus bileoga oibre

Cruthaithe ag Sadhbh Rosenstock

Cóipcheart © COMHAR 2024

Gach ceart ar cosaint.

Is féidir na leathanaigh seo a fhótachóipeáil le haghaidh dáileadh saor in aisce.

Leabhair **COMHAR**

Le tacaíocht ó Chlár na Leabhar Gaeilge (Foras na Gaeilge)



Inis Mara 2

Údar: Tristan Rosenstock

Maisitheoir: Mark Wickham

Foilsitheoir: *Leabhair*COMHAR

Clár

Caibidil

Leathanach

<u>CAIBIDIL 1</u>	<u>4</u>
<u>CAIBIDIL 3</u>	<u>8</u>
<u>CAIBIDIL 4</u>	<u>10</u>
<u>CAIBIDIL 5</u>	<u>11</u>
<u>CAIBIDIL 6</u>	<u>12</u>
<u>CAIBIDIL 7</u>	<u>13</u>
<u>CAIBIDIL 8</u>	<u>14</u>
<u>CAIBIDIL 9</u>	<u>16</u>
<u>CAIBIDIL 10</u>	<u>18</u>
<u>CAIBIDIL 11</u>	<u>19</u>
<u>CAIBIDIL 12</u>	<u>20</u>
<u>CAIBIDIL 13</u>	<u>21</u>
<u>CAIBIDIL 14</u>	<u>23</u>
<u>CAIBIDIL 15</u>	<u>25</u>
<u>CAIBIDIL 16</u>	<u>27</u>
<u>CAIBIDIL 17</u>	<u>28</u>
<u>CAIBIDIL 18</u>	<u>30</u>

CAIBIDIL 1

Triail Tuisceana:

1. Cá háit a bhfuil Éabha ag iarraidh a bhaint amach agus í amuigh ag seoltóireacht?

2. Ainmnigh na trí oileán atá luaite ar leathanach a haon.

3. Cén fáth go bhfuil féasta ar Inis Mara?

4. Cad is ainm d'iarcheannaire Inis Mara?

5. Cad is ainm do cheannaire nua Inis Mara?

6. Cén rud a theastaíonn ó mhuintir Inis Mara a bhronnadh ar Éabha ag an gcóisir?

Líníocht:

Tá cóisir ar Inis Mara le tinte ealaíne, ceol agus bia deas.

Tarraing léaráid den chóisir thíos:

CAIBIDIL 2

Ainmnigh na difríochtaí:

Deir Éabha go bhfuil muintir Inis Sia ina gcónaí i bpubaill faoi láthair. Níl mórán ag muintir na háite a thuilleadh. Déan liosta de na rudaí nach bhfuil acu agus liosta de na rudaí atá agatsa i do cheantar. Tá sampla amháin déanta thíos:

Inis Sia	Mo Cheantar
- Níl aon siopa acu.	- Tá a lán siopaí i mo cheantar.

Gluais:

Scríobh abairtí leis na focail thíos iontu. Úsáid an ghluais ar chúl an leabhair (Caibidil 1-2) le cuidiú leat:

1. iarcheannaire

An Santóir ab ainm d'iarcheannaire Inis Mara.

2. tuirbín gaoithe

3. bonn crógachta

4. trína chéile

5. luamh

6. geit

CAIBIDIL 3

Gramadach:

Tá na habairtí thíos scríofa san aimsir chaite. Scríobh san aimsir láithreach iad:

Aimsir Chaite	Aimsir Láithreach
1. Bhí gach duine cruinnithe timpeall ar Éabha.	1. Tá gach duine cruinnithe timpeall ar Éabha.
2. Shiúil sé amach as an mianach.	2.
3. Bhí ceannaire ar an oileán.	3.
4. Thosaigh siad ag baint guail.	4.
5. Thug gach duine 'An Caochán' air.	5.

Éist agus tarraing:

Éist leis an múinteoir ag léamh Caibidil 3 arís. Tarraing pictiúr d'Inis Guail, nó Inis Glas mar a glaoth air fadó:

CAIBIDIL 4

Plé ranga:

Tá Inis Guail á scríosadh ag an mianadóireacht guail go léir. Is cosúil go bhfuil muintir Inis Guail fágtha gan uisce glan, gan bhia agus gan bhaile. Déan plé ranga ar an méid seo. Cad a tharlódh dá mbeadh do cheantar fágtha gan uisce glan agus gan bhia?

Tuairimí:

Déan liosta thíos de roinnt de na tuairimí a rinne sibh a phlé mar rang:

CAIBIDIL 5

Triail Tuisceana:

1. Cad is ainm do cheannaire Inis Sia?

2. Cén fáth go bhfuil Ronald ag iarraidh Inis Sia a cheannach?

3. Cén fáth go bhfuil an leasainm *Smugairle* ar Rónán, meas tú?

4. Cad atá sa bhosca mór atá ag Ronald?

5. Meas tú, cén luach atá ar gach rud atá sa bhosca?

6. Tá léaráid de dhá lámh ag tús na caibidle seo. Cén bheirt gur leo na lámha sin?

CAIBIDIL 6

Éist agus tarraing:

Éist leis an múinteoir ag léamh an chéad dá leathanach i gCaibidil 6. Tarraing pictiúr de mhuintir Inis Sia anois agus iad i ngéibheann:

CAIBIDIL 7

Cuardach focal:

Déan iarracht na focail sa bhosca a aimsiú sa chuardach focal thíos:

coileach	féasta	Inis Guail	Iarla
uisce	ceiliúradh	bád	Inis Sia

a	i	s	s	i	n	i	h	d	m
g	o	h	u	c	f	c	á	i	a
f	é	a	s	t	a	b	c	a	r
o	a	h	b	e	é	i	l	s	c
c	e	i	l	i	ú	r	a	d	h
c	ó	i	e	o	a	h	c	l	e
a	o	n	a	i	e	c	s	i	u
c	l	i	a	u	g	s	i	n	i

CAIBIDIL 8


Gramadach

Tá na habairtí seo ó Chaibidil 8 scríofa san aimsir chaite. Cuir na habairtí seo a leanas san aimsir láithreach:

<i>Aimsir Chaite</i>	<i>Aimsir Láithreach</i>
1. D'éirigh leo gach duine a thabhairt ar ais.	1. Éiríonn leo gach duine a thabhairt ar ais.
2. Bhí muintir Inis Sia chomh sásta.	2.
3. Tháinig biseach iomlán ar an mbuachaill.	3.
4. Thosaigh páistí Inis Sia ag freastal ar scoil.	4.
5. Ghlac Éabha leis an gcuireadh.	5.
6. Rinne na páistí pictiúr dá múinteoir.	6.

Comhartha:

Cuireann Inis Mara fáilte mhór roimh mhuintir Inis Sia: Fáilte chuig Inis Mara. Lig ort go bhfuil páistí nua ag teacht chuig do scoil. Déan comhartha nó póstaer a dhearadh thíos le crochadh ar an mballa nuair a thiocfaidh na páistí nua. Déan é a mhaisiú leis na rudaí a thaitneoidh leis na páistí nua: mar shampla – cairde, cluichí, ceol, ealaín, bia, spórt.



CAIBIDIL 9

Gníomhaíochtaí ó bhéal:

Le déanamh ag an múinteoir ranga:

- *Cuir an rang ag suí i mbeirteanna*
- *Tabhair ról do na páistí:*
Is páiste ó Inis Mara thú NÓ is páiste ó Inis Sia thú
- *Tá na páistí ó Inis Mara ag ligint orthu go bhfuil siad ag bualadh leis na páistí nua ó Inis Sia den chéad uair*
- *Tabhair am do na páistí aithne a chur ar a chéile*
- *Iarr ar gach beirt seasamh os comhair an ranga má bhíonn am le ceisteanna a chur ar a chéile*

Smaointe agus ceisteanna samplacha:

1. *Cuir na páistí nua ó Inis Sia faoi agallamh le haithne a chur orthu*
2. *Is páiste ó Inis Mara thú – faigh amach 5 rud nua faoin duine ó Inis Sia. Ansin malartaigh na rólanna.*
3. *Cad is ainm duit? Cén aois thú? An bhfuil deartháir nó deirfiúr agat? Cad é an bia is fearr leat?*

Anois, scríobh síos 5 rud a d'fhoghlaim tú faoi do chara nua:

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____

Gluais:

Scríobh abairtí leis na focail thíos iontu. Úsáid an ghluais ar chúl an leabhair (Caibidil 4-9) le cuidiú leat:

1. sconsa

D'éirigh leis an madra dul faoin sconsa.

2. leasainm

3. pluideanna

4. pleidhce

5. ar a sáimhín só

6. go borb

7. jobhríste

CAIBIDIL 10

Triail tuisceana:

Seo a leanas freagraí ar cheisteanna bunaithe ar Chaibidil 10.

Scríobh ceisteanna do na freagraí thíos:

1. Chuaigh sí i bhfolach taobh thiar de chloch mhór.

Cá ndeachaigh Éabha i bhfolach?

2. Léim Éabha in airde ar an gcloch.

3. ‘Fáilte chuig Inis Mara’ atá scríofa ar chomhartha ag cé Inis Mara.

4. Thug siad lóistín agus bia do mhuintir Inis Sia.

5. ‘Gleann na Sméar Géar’ atá scríofa ar uaigh Nell.

6. Chuir Éabha bláthanna fiáine ar uaigh a Mamó.

CAIBIDIL 11

Cumadóireacht:

Tá rann spraíúil ag Éabha agus úsáideann sí é le páiste a roghnú:

Íní míní maidhní mó,
tóg do sheans anois go beo,
bhuaíl an moncaí beag a cheann,
thit an créatúr anuas den chrann.

Cum rann nó dhó tú féin anois. Úsáid an chéad dá líne den rann thuas más mian leat:

CAIBIDIL 12

Stiallchartún:

Tarraing stiallchartún (cartoon strip) le léaráidí ag míniú an méid atá tar éis tarlú go dtí seo sa leabhar. Tarraing pictiúr amháin do gach caibidil. Úsáid páipéar A3 más mian leat:

cúnamh/cabhair	níl aon bhia agam/níl airgead agam/ níl aon teach agam
buartha	An féidir leat cuidiú liom?
Táim an-bhuíoch díot	Is mise le meas/Beir bua/ Slán go fóill/Do chara

CAIBIDIL 14

Logainmneacha (i):

Logainm a thugtar ar ainm áite agus go minic bíonn scéal nó brí taobh thiar den ainm sin.

Mar shampla: Gleann na Sméar Géar – gleann ina bhfuil sméara atá géar ag fás.

Meas tú, cad is brí leis na logainmneacha seo?

1. Taobh na Coille:

2. Baile an Phúcaigh:

3. Baile an Tobair:

4. An Bóthar Buí:

5. An Abhainn Mhór:

6. Baile an Chaisleáin:

Is féidir níos mó a fhoghlaim faoi na logainmneacha ag logainm.ie

Logainmneacha (ii):

Féach ar an suíomh logainm.ie agus cliceáil ar an gcnaipe ‘GLUAIS’ nó ‘GLOSSARY’.

Breathnaigh ar roinnt de na logainmneacha agus scríobh liosta de 10 gcinn thíos. Déan iarracht an brí atá leis na hainmneacha a scríobh in aice leo. Bí ag obair i mbeirteanna más mian libh.

Logainm	Míniú ar an ainm, dar leatsa
1.	
2.	
3.	
4.	
5.	
6.	
7.	
8.	
9.	
10.	

CAIBIDIL 15

Cuardach focal:

Déan cuardach focal a dhearadh thíos ag úsáid roinnt de na focail ó Chaibidil 15. Cuir ceist ar dhuine éigin i do ghrúpa na focail a scríobhann tú sa bhosca a aimsiú sa bhfocal cuardach nuair atá tú réidh:

Gramadach:

Tá na habairtí thíos scríofa san aimsir chaite. Scríobh san aimsir fháistineach iad:

Aimsir Chaite	Aimsir Fháistineach
1. Bhain siad Gleann na Sméar Géar amach.	1. Bainfidh siad Gleann na Sméar Géar amach.
2. Chuir ainm na háite imní orthu.	2.
3. Bhí na sméara seo géar.	3.
4. Thosaigh siad ag ithe na sméar.	4.
5. Chuaigh Éabha ar ais chuig Tobar Bhríde.	5.
6. Líon sí an dá bhuicéad leis an uisce.	6.

CAIBIDIL 16

Plé ranga:

Sa chaibidil seo, deirtear arís go bhfuil Inis Guail scriosta ag an truailliú. Iarrann Éabha ar mhuintir Inis Mara agus Inis Sia cuidiú léi athnuachan a dhéanamh ar Inis Guail. Déan na bealaí gur féidir leo é seo a dhéanamh a phlé mar rang. Mar shampla: tuirbín gaoithe; bealaí le huisce a shábháil.

Scríbhneoireacht:

Déan taighde ar an idirlíon i ngrúpaí faoi na bealaí is fearr le hathnuachan (rejuvenation) a dhéanamh ar oileán. Scríobh liosta de na bealaí is fearr thíos:

CAIBIDIL 17

Litir a scríobh:

Sa chaibidil seo, aimsíonn Éabha bosca adhmaid agus í ag tochailt. Tá an bosca lán le hór agus le hairgead. Lig ort gur aimsigh tusa an bosca seo agus scríobh litir chuig do chara ag insint dóibh cad a tharla. Inis dóibh cad go mba mhaith leat a dhéanamh leis. Úsáid na focail sa bhosca ar an gcéad leathanach eile le cuidiú leat, más mian leat.

A chara,

A large rectangular box containing 20 horizontal blue lines for writing. The lines are evenly spaced and extend across most of the width of the box. The first line is slightly indented from the left margin.

D'aimsigh mé	bosca lán le...
Iuach milliún Euro ar an ór	Ba mhaith liom...a cheannach dom féin agus do mo chairde
Ba mhaith liom...a cheannach do na daoine bochta	Is mise le meas/Beir bua/ Slán go fóill/Do chara

CAIBIDIL 18

Cuireadh:

Beidh cóisir ar Inis Glas agus tá cuireadh faighte ag muintir Inis Mara agus muintir Inis Sia. Déan an cuireadh chuig an bhféasta a dhearadh thíos:

--

Bia don chóisir:

Déan liosta den bhia a bheidh ar fáil ag an gcóisir:

Clúdach a dhearadh:

Agus an leabhar Inis Mara 2 léite agat, déan clúdach nua don leabhar a dhearadh thíos:

